

Antoine Lavoisier - tasc litearthachta

Laoch eolaíochta nó Namhaid an stáit?

Rugadh Antoine Lavoisier i bPáras ar an 26iú Lúnasa. D'fhreastal sé ar scoil ag College Mazarin. Bhí a athair in a dlíodóir saibhir agus bhí sé tuigte go mbeadh Antoine chun a bheith in a dlíodóir freisin. Rinne sé é seo i 1764 nuair a fuair sé a ceadúnas dlí. Ansin chas sé go dtí saol an eolaíocht...

I 1765, scríobh Lavoisier páipéar agud d'fhoilsigh sé é faoin teideal, conas na soilse i bPáras a fheabhsú. Togadh é go dtí an Royal Society d'eolaíocht i 1768 de bharr an obair seo agus obair sa thionsclaíocht talmhaíocht a rinne sé comh maith. Phós sé iníon ginearáil feirmeoir i 1771. Toghadh Lavoisier go dtí an coimisiún púdar gunna i 1775. Bhog sé go dtí Arsenal of Parle, áit a chruthaigh sé saotharlann iontach chun a cuid turgnamh a dhéanamh.

Ba iad turgnaimh Lavoisier na chéad céimeanna a thógtar chun turgnamh cainníochtúil a dhéanamh. Thug a thurgnamh seans an fianaise a bhí ag teastáil don dlí imchoimeád na maise a fhail. Rinne Lavoisier obair an-thábhachtach faoi dóchán. I 1777, thaispeáin sé gur próiséas é dóchán a úsáideann ocsaigín. Thaispeáin sé ról ocsaigín i riospráid freisin. Thosaigh sé le turgnamh tomhas teasa i 1783. Thaispeáin sé go raibh an teas cruthaithe ag riospráid mar an gcéanna leis an teas cruthaithe nuair a úsáidtear an méid céanna ocsaigín chun gualach a dó. Bhí Lavoisier tar éis a thaispeáint tábhacht tomhais a thógaint comh maith leis na breathnúchán agus cur síos.

Go luath in a dhiadh tosach réabhlóid na Fraince, thosaigh daoine ag cur síos obair Lavoisier de bharr é a bheith in a bhaill den ginearáil feirmeoirí. Ghabh na póilíní air agus cuireadh i bpríosún é. Cuireadh chun bás é go luath in a dhiadh seo. Chuir sé ceist ar an moltóir le haghaidh am chun a chuid turgnamh a críochnú ach dúirt sé nach raibh aon áit ag an eolaíocht ins an poblacht nua.

Ceisteanna

- ① Déan taighde agus faigh na sonraí taobh thiar do thurgnamh Lavoisier leis an canna.
- ② Thug obair Lavoisier an fianaise a bhí ag teastáil chun dlí imchoimeád na maise a chruthú. Cad é dlí imchoimeád na maise?
- ③ Mínigh cén fáth go raibh na tomhais comh tábhachtach le haghaidh conclúd Lavoisier.
- ④ ir amlíne le chéile ar obair agus saol Lavoisier.